Pointí le soiléiriú i nDréacht-Cheannteidil an Bhille

1. Moltar gurb é an 'leagan Gaeilge' a bheidh ina bhunthéacs ar an mBille.

2. Moltar na gráid seirbhíse ginearálta do na Comhlachtaí Poiblí éagsúla a shonrú sa chuid 'Réamhrá & Ginearálta' den Bhille.

3. D'fhéadfaí an chéad alt i gCeannteideal 9 a léamh mar *'20% d'earcaigh nua do na hoifigí lonnaithe sa Ghaeltacht'*, go háirithe sa leagan Béarla den téacs. Moltar seo a leasú le '***agus 100% d'earcaigh nua sa tseirbhís phoiblí ina gcainteoirí Gaeilge i ngach oifig phoiblí sa Ghaeltacht ionas gur féidir leis na hoifigí seo feidhmiú trí mheán na Gaeilge'***

4. D'fhéadfaí an bhrí a bhaint as nach mbainfeadh an córas earcaíochta nua de 20% leis na Comhlachtaí Poiblí **ach** le comórtais earcaíochta atá eagraithe ag PAS amháin. Molta seo a leasú le ***'agus arna riar ag gach Comhlachta Poiblí'*** a chur i bpointí 1-3.

5. Níl aon tréimhse ama luaite leis an Nóta Míniúchán, rud a fhágann go bhféadfadh Lá Philib a' Chleite a bheith mar an spriocdháta chun an cuspóir seo a bhaint amach. Moltar seo a leasú le ***'céatadán earcaíochta XXXX a leagadh síos don Earnáil Phoiblí le teacht i bhfeidhm ó dháta XXXX*** *(faoi leith)***'**

* * * * * * * * * * * *

Bille na dTeangacha Oifigiúla (leasú) 2017

Ceannteideal 9 Alt Nua: Earcaíocht don earnáil phoiblí

Ag féachaint do na cuspóirí foriomlána go mbeidh 20% d'earcaigh nua sa tseirbhís phoiblí ina gcainteoirí Gaeilge, *'agus 100% d'earcaigh nua sa tseirbhís phoiblí ina gcainteoirí Gaeilge i ngach oifig phoiblí sa Ghaeltacht ionas gur féidir leis na hoifigí seo feidhmiú trí mheán na Gaeilge'* go bhfeidhmeoidh gach oifig phoiblí lonnaithe sa Ghaeltacht trí mheán na Gaeilge agus go méadófaí acmhainneacht chomhlachtaí poiblí seirbhísí poiblí a sholáthar trí Ghaeilge, foráil a dhéanamh:

1. Maidir le comórtas ar leithligh do chainteoirí Gaeilge a reáchtáil do gach feachtas earcaíochta sa tseirbhís phoiblí do ghráid seirbhíse ginearálta arna riar ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí *agus arna riar ag gach Comhlacht Poiblí*.

2. Maidir le gach grád eile sa tseirbhís phoiblí, féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus aon Aire eile nó Ceann comhlachta phoiblí a mheasfaidh an tAire is gá, a ordú don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí *agus do gach Comhlacht Poiblí* comórtais ar leithligh a bhunú do chainteoirí Gaeilge.

3. Féadfaidh an tAire grúpa comhairleach a bhunú lena n-áireofar ionadaithe don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus aon chomhlacht poiblí eile, de réir mar is cuí, chun comhairle a chur ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí *agus ar gach Comhlacht Poiblí* maidir leis na comórtais earcaíochta agus an cuspóir líon na gcainteoirí Gaeilge atá in ann feidhmiú go dátheangach a mhéadú sa tseirbhís phoiblí, agus an soláthar cainteoirí Gaeilge in oifigí lonnaithe i limistéir Ghaeltachta nó a fhreastalaíonn ar limistéir Ghaeltachta a chinntiú.

4. Maidir leis an Aire do shonrú le Rialachán an modh ina ndéanfar cainteoirí Gaeilge a n-éireoidh leo i gcomórtais earcaíochta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a leithroinnt ar chomhlachtaí poiblí.

Nóta Míniúcháin
Leis na forálacha seo léirítear aidhm an Aire an cion de chainteoirí Gaeilge a earcaítear don tseirbhís phoiblí a mhéadú go 20% san fhadtréimhse, ***'trí chéatadán earcaíochta XXXX a leagan síos don Earnáil Phoiblí le teacht i bhfeidhm ar an dáta XXXX'*** ar an gcaoi sin ag méadú acmhainneacht comhlachtaí poiblí seirbhísí a sholáthar i nGaeilge do chainteoirí Gaeilge agus do phobail Ghaeltachta.

Bille na dTeangacha Oifigiúla (leasú) 2017

Ceannteideal 10 Alt Nua: Caighdeán a thabhairt isteach

1. Fáiltímid roimh Cheannteideal 10 maidir le deireadh a chur leis na scéimeanna teanga agus Caighdeáin a thabhairt isteach ina n-áit. Ar mhaithe le praiticiúlacht, le héifeachtúlacht agus chun dea-thoil agus dea-mhéin a chothú i measc na gcomhlachtaí poiblí chomh fada is a bhaineann sé le dualgais teanga de, **moltar go gcuirfí síniú ama leis na scéimeanna teanga reatha atá i bhfeidhm in eagraíochtaí éagsúla go dtí go mbeidh an reachtaíocht nua in áit.**

   Ní luíonn sé le ciall a bheith ag iarraidh ar chomhlachtaí poiblí tosnú ar an bpróiseas chun scéimeanna teanga nua a chur le chéile (agus an obair agus maorlathas ar fad a bhaineann leis sin) fad is atá reachtaíocht a chuirfidh deireadh leis na scéimeanna teanga céanna idir lámha, go háirithe agus an méid atá luaite ag an gCoimisinéir Teanga agus ag Roinn na Gaeltachta féin sa Nóta Míniúcháin le Ceannteideal 10 "Léiríonn maolú seo na scéimeanna teanga nach bhfuil siad éifeachtach níos mó." Trí bheith ag iarraidh ar chomhlachtaí poiblí tabhairt faoi scéimeanna nua sa chomhthéacs seo, cothaíonn sé droch-cháil agus droch-mheas i leith na Gaeilge agus ní dóigh linn go gcabhraíonn sé le cás forbairt agus cur chun cinn na Gaeilge sa tseirbhís phoiblí.

2. Ní mór feidhm na mbearta i scéim teanga aon chomhlachta phoiblí a shoiléiriú tráth a cuirfear tús le córas na gcaighdeán. **Moltar go bhfanfaidh na bearta seo i bhfeidhm ach teacht ar aontú leis an gCoimisinéir Teanga le faomhadh ón Aire gur féidir na bearta a chur ar leataoibh.**

   Má tá beart áitiúil sa scéim i réimse nach dtagann faoi réir na gcaighdeán a leagtar ar an gcomhlacht, nó má tá beart níos uaillmhianaí socraithe cheana féin in aon réimse a thagann faoi réir na gcaighdeán, an mbeidh sé de dhualgas i gcónaí ag an gcomhlacht sin an beart a chomhlíonadh? Nó an mbeidh ualach laghdaithe i gceist ar leibhéal comhionann leis na comhlachtaí eile lena rangaítear é?

AIGHNEACHT COFG
Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge
www.cumannofg.wordpress.com

A chara,

Seo leanas thíos moltaí Chumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge, moltaí atá bunaithe ar an bplécháipéis *'Seirbhísí trí Ghaeilge do Phobal na hÉireann - COFG'*, gur féidir a íoslódáil ón suíomh idirlín ag https://cumannofg.wordpress.com/

Is sinne, le dea-mhéin,

_____

Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge
Cathaoirleach: Roibeard Ó hEartáin, Co. Chiarraí.
Rúnaí: Máire Seó Breathnach, Cathair & Co. Phort Láirge.
Oifigeach Caidrimh Poiblí: Ailish Bhreathnach, Cathair na Gaillimhe.
Comhfhreagras: Rúnaí COFG, Baile na Móna, Béal Abha, Aird Mhór, Co. Phort Láirge.

Polasaí Earcaíochta

Moltar polasaí earcaíochta nua a chur in áit sa tSeirbhís Ceapacháin Phoiblí agus sna Comhlachtaí Poiblí, ina mbeidh Gaeilge labhartha líofa ag 30% d'fhostaithe nua a bheidh ag feidhmiú ar an líne tosaigh san Earnáil Phoiblí, go dtí go mbeidh suas le 20% den bhfoireann chuí in ann seirbhísí a sholáthar go compordach i nGaeilge.

Ar mhaithe le Seirbhísí trí Ghaeilge a thairiscint don phobal ón Earnáil Phoiblí i gcoitinne, **moltar go mbeidh dátheangachas feidhmiúil, sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, ag baill foirne sna poist seo a leanas:**

- **Oifigigh ag Grád 3, 4 agus 5 sna hÚdaráis Áitiúla agus a gcomhionainn i ngach Comhlacht Poiblí eile**, a sholáthraíonn seirbhísí custaiméara ag an líne tosaigh ar nós cuntar poiblí agus malartán.
- **Oifigigh eile san Earnáil Phoiblí** a bhíonn ag plé go rialta leis an bpobal, ar nós Oifigigh Forbartha Gaeilge, Oifigigh Phreasa, Oifigigh Seirbhísí Custaiméara agus Leabharlannaithe.
- **Oifigigh lonnaithe nó ag obair go rialta sa Ghaeltacht,** ina measc Oifigigh Riaracháin agus Innealtóirí áitiúla sna hÚdaráis Áitiúla, agus oifigigh áitiúla i gComhlachtaí Poiblí ina measc An Post, An Garda Síochána, An Roinn Coimirce Sóisialaí, Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte, Roinn na Mara agus oifigigh áitiúla i ngach Comhlacht poiblí eile.

Caighdeán Gaeilge

- Chun plé iomlán a dhéanamh le custaiméirí líofa agus Gaeltachta trí Ghaeilge gan iompú ar an mBéarla, **moltar pas le gradam i labhairt na Gaeilge ag TEG B2*,** nó a macasamhail, a bheith acu.

- Má tá Oifigigh le litreacha bunúsacha a scríobh agus a fhreagairt trí Ghaeilge, mar aon le fógraí agus comharthaí gairide a dhréachta, **moltar pas i scríobh na Gaeilge ag TEG B2*,** nó a macasamhail, a bheith acu.

** Bunaithe ar Teastas Eorpach na Gaeilge, atá aitheanta ag an tSeirbhís Ceapacháin Poiblí.*

Rialacháin Chomharthaíochta

Moltar Lámhleabhar na gComharthaí Tráchta a chur faoi Rialacháin Chomharthaíochta Acht na dTeangacha Oifigiúla, mar aon cháipéis amháin a bheidh ina threoir chomónta ar chomharthaíocht dhátheangach don earnáil phoiblí, agus í bunaithe ar chóras dathchódaithe, seachas cló iodálach, chun go ndéanfar idirdhealú idir an téacs Gaeilge agus Béarla.

Faoi láthair tagann codanna den Lámhleabhar salach ar rialacháin Acht na dTeangacha Oifigiúla. Cothaíonn seo deacrachtaí dóibh siúd atá freagrach as comharthaí a chrochadh, mar shampla… comharthaí do charrchlós v. comharthaí sráide agus comharthaí ar nós 'Pobal ar Aire'.

Coinníoll Conartha (d'obair thar ceann Comhlachta Phoiblí)

Moltar go gcuirfí coinníoll san Acht Leasaithe le deimhniú gur gá aon obair a dhéantar thar ceann comhlachta phoiblí nó eagras stáit cloí leis an Acht bunaidh, leis an Acht leasaithe agus le haon bheartas, ordú nó rialachán eile faoi bhun an dá phíosa reachtaíochta sin.

Baineann doiléireacht nach beag le coinníollacha teanga i gcás seirbhísí, oibreacha agus tionscadail a thagann faoi stiúir cuideachta tríú pháirtí ag obair thar cheann comhlachta phoiblí nó eagras stáit .i. an bhfuil feidhm ag an Acht bunaidh nó ag scéim an chomhlachta orthu. Ina theannta sin, is léir sa lá atá inniu ann go bhfuil ról substainteach ag soláthraithe ón earnáil phríobháideach obair de chuid na seirbhíse poiblí a dhéanamh ar conradh.

Is é an t-amhras atá ann ná go mbíonn bearnaí i soláthar seirbhís trí Ghaeilge don phobal nuair nach bhfuil cinnteacht ó thaobh dhualgais teanga de i gcás seirbhísí tríú pháirtí. D'fhéadfadh an coinníoll seo a chomhlíonadh tráth dhréachtaithe aon chonradh nó aon chreatlach seirbhíse nua.

Ról na nOifigeach Forbartha Gaeilge

Cé go n-aithnímid nach dtagann post agus ról na nOifigeach Forbartha Gaeilge faoi scáth na reachtaíochta atá idir chaibidil san aighneacht seo, is fíor go dtiteann cúraimí agus freagracht maidir le cur i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla ar na hOifigigh seo (in eagraíochtaí ina bhfuil a leithéid ag feidhmiú). Tá ról bunúsach agus lárnach ag na hOifigigh Forbartha Gaeilge ó thaobh chur chun cinn na Gaeilge agus feidhmiú na reachtaíochta sna comhlachtaí stáit ina bhfuil siad.

Mar sin, chun go mbeidh na hOifigigh seo ábalta tacaíocht shásúil a thabhairt do Chomhlacht Poiblí ó thaobh na teanga de, ní mór féachaint chuige go bhfuil obair na nOifigeach Forbartha Gaeilge aitheanta mar phost sainiúil ag leibhéal sinsearach sna Comhlachtaí Poiblí ar mhaithe lena chinntiú go mbeidh ceist na Gaeilge á cur san áireamh agus polasaithe ‘s straitéisí a bheartú ag na Comhlachtaí Poiblí.

Moltar obair an Oifigigh Forbartha Gaeilge a aithint mar phost sainiúil ag leibhéal sinsearach san eagraíocht lena cinntiú go n-áireofaí an Ghaeilge i ngach gné d’fheidhmiú na heagraíochta sin.

Tá cuid mhór de na hOifigigh Forbartha Gaeilge ag feidhmiú ina gcuid eagraíochtaí ag leibhéal atá ró-íseal chun dul i bhfeidhm ar na heagraíochtaí sin. Is minic dá bharr go mbíonn ar na hOifigigh déileáil le gníomhaíochtaí a sháraíonn Acht na dTeangacha Oifigiúla chun iad a chur ina gceart mar aon le gearán ón bpobal nó ón gCoimisinéir Teanga. Is féidir go gcothaíonn seo costas breise ar an eagraíocht, costas nach mbeadh ann dá gcuirfí an Ghaeilge san áireamh ag tús an phróisis. Ní mór ról comhairleach agus an grád cuí, a thabhairt do na Oifigigh Forbartha Gaeilge agus reachtaíocht, próiseas oibre, polasaithe agus straitéisí á ndréachtú agus á bhforbairt.

Faoi láthair tá ról an Oifigigh Forbartha Gaeilge an-éagsúil ó eagraíocht go chéile, ó thaobh grád, feidhmeanna, cúraimí poist, riachtanais teanga agus rannóg de. Tráth dá raibh bhí Coiste Gaeilge faoi chúram na nÚdarás Áitiúil ann, arna raibh Oifigigh Forbartha Gaeilge páirteach, rud a thug soiléireacht do ról na nOifigeach mar aon le treoir agus cur chuige leanúnach ó thaobh seirbhísí a fhorbairt agus a sholáthar trí Ghaeilge.